C/2024/5920

1.10.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/5920)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Saint-Joseph’

PDO-FR-A0200-AM02

Dáta na teachtaireachta: 24 Iúil 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Lipéadú**

Forlíonadh Caibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin ‘Saint-Joseph’ faoi Roinn XII ‘Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú’, pointe 2 ‘Forálacha speisialta’. Áirítear ann anois na rialacha lipéadaithe maidir le tagairt don aonad geografach níos leithne ‘Vignobles de la Vallée du Rhône’, mar a leagtar amach sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí cosanta agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile, ní mór í a phriontáil i gcarachtair a bhfuil an dearadh grafach céanna agus an dath céanna orthu agus atá ar an ainmniúchán, agus ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Cuireadh an leasú sin isteach sa doiciméad aonair sa roinn maidir le ‘Coinníollacha breise – Lipéadú’.

2. **Ceanglais maidir le dearbhú**

Tugadh Caibidil II den tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin ‘Saint-Joseph’ cothrom le dáta: cuireadh oibleagáidí ar oibreoirí dearbhuithe a dhéanamh don chomhlacht cosanta agus bainistíochta i gcomhréir leis an bplean cigireachta don ainmniúchán.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

3. **Mionsonraí an chomhlachta cigireachta**

Tugadh Caibidil III, Roinn II, den tsonraíocht táirge, ‘Mionsonraí an chomhlachta cigireachta’ cothrom le dáta chun a shonrú nach mór seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge a dhéanamh ar bhonn plean cigireachta formheasta agus nach mór do chomhlacht tríú páirtí an méid sin a dhéanamh, ar comhlacht é a thairgeann ráthaíochtaí inniúlachta, neamhchlaontachta agus neamhspleáchais arna dtarmligean ag INAO, an t-údarás cigireachta.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Saint-Joseph

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. Critéir anailíseacha

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní féidir an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Saint-Joseph' a úsáid ach amháin le haghaidh fíonta socra geala agus dearga.

Is é 10,5 % neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonta de réir toirte.

Tráth an phacáistithe, tá cion aigéid mhalaigh sna fíonta dearga nach bhfuil ,níos airde ná 0,4 gram in aghaidh an lítir.

Ní sháraíonn méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) na bhfíonta ag céim an phacáistithe na luachanna seo a leanas:

— 3 ghram in aghaidh an lítir i gcás fíonta nach mó ná 13,5 % a neart alcóil nádúrtha de réir toirte;

— 4 ghram in aghaidh an lítir i gcás fíonta ar mó ná 13,5 % a neart alcóil nádúrtha de réir toirte.

I ndiaidh an tsaibhrithe, ní bhíonn neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta dearga níos airde ná 13 %.

Is i reachtaíocht an Aontais a leagtar síos méideanna na haigéadachta iomláine agus na haigéadachta luainí agus méid iomlán na dé-ocsaíde sulfair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. Tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

In 2010, fíonta dearga a bhí in 90 % den táirgeadh. Déantar iad den chuid is mó as an gcineál fíniúna aonair Syrah N, ar a dtugtar 'Serine' go háitiúil freisin.

Is fíonta aramatacha iad a mbaineann saintréithe agus fíneáltacht an-ghalánta leo, ar minic a mhúsclaíonn ruainníní torthaíocha, spíosraithe, liocrais agus thalamh na foraoise. Sa bhéal, tá meas mór ar na tainniní veilbhitiúla. Tagann éifeacht na gcineálacha ithreach agus na méasaeráidí éagsúla chun cinn go príomha sna struchtúir thainneacha, atá níos láidre agus a éiríonn bog níos moille sna fíonta a fhástar ar dháileachtaí ina bhfuil ithreacha aolchloiche.

Ní bhíonn na fíonta geala chomh coitianta céanna, agus ní bhíonn siad níos mó ná 10 % den táirgeadh. Déantar iad den chuid is mó as Marsanne B, arb é 95 % de na cineálacha fíonchaor geal, a chuirtear go príomha ar ithreacha ina bhfuil cion mór aolchloiche. Is fíonta tirime an-aramatach iad, agus bíonn bolaithe de bhláthanna bána mealacha chun tosaigh go háirithe. Sa bhéal, baineann cothromaíocht ar leith leo a bhfuil an olaíocht ina bonn taca léi.

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Modh saothraithe

— Is é 4 500 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha.

— Is é 2,30 méadar cearnach an t-achar uasta atá ar fáil do gach planda . Faightear an t-achar dromchla sin tríd an spásáil idir na línte a iolrú faoin spásáil idir na plandaí.

— Ní théann an spásáil idir na rónna thar 2,50 méadar.

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 10 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda a bhíonn i gceist, trí úsáid a bhaint as na teicnící seo a leanas:

— prúnáil spor (cuachphrúnáil, prúnáil Royat le tródam amháin nó dhá thródam);

— Guyot aonair.

Is é 0,60 méadar airde uasta an tródaim, arna tomhas ón talamh suas leis an gcuid íochtarach den struchtúr tacaíochta.

Déantar na fíonta as fíonchaora a bhuantar de láimh. Iompraítear na fíonchaora chuig an bhfíonlann ina dtriopaill iomlána.

2. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid.

Anuas ar an bhforáil thuasluaite, ní mór go gcomhlíonfar leis na cleachtais fhíoneolaíocha a bhaineann leis na fíonta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

5.2. *Uastáirgeacht*

46 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar agus próiseáiltear na fíonta i mbardais shonraithe na ranna seo a leanas:

— Roinn Ardèche: Andance, Ardoix, Arras-sur-Rhône, Champagne, Charnas, Châteaubourg, Félines, Glun, Guilherand-Granges, Lemps, Limony, Mauves, Ozon, Peyraud, Saint-Désirat, Saint-Etienne-de-Valoux, Saint-Jean-de-Muzols, Sarras, Sécheras, Serrières, Talencieux, Tournon-sur-Rhône agus Vion;

— Roinn Loire: Chavanay, Malleval agus Saint-Pierre-de-Boeuf.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Marsanne B

Roussanne B

Syrah N – Shiraz

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tá an limistéar geografach suite ar bhruach deas na Róine. Tá limistéir gheografacha ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Saint-Péray' ó dheas, agus 'Condrieu' ó thuaidh timpeall air ar gach taobh.

I gcóras ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ghleann na Róine, baineann 'Saint-Joseph' leis an aicme fíonta 'Crus des Côtes du Rhône'.

Síneann na fíonghoirt ó thuaidh agus ó dheas ar feadh thart ar 60 ciliméadar, agus tá radharc acu amach ar an Róin. Tá siad suite go príomha ar na suíomhanna ina bhfuil na haeráidí is fearr, i.e. iad siúd a bhfuil an aghaidh ó dheas/soir ó dheas is fabhraí acu, atá suite ar imeall thoir an Massif Central.

Dá bhrí sin, déantar an limistéar geografach a chríochú go cúramach thar chríocha 23 bhardas i roinn Ardèche, agus 3 bhardas i roinn Loire.

Tá an aeráid, dá dtagraítear go háitiúil mar 'Lyonnais', ilchríochach, d'ainneoin gurb é an limistéar an chuid is faide ó thuaidh de ghleann na Róine a bhaineann tairbhe as tionchair na Meánmhara. Is í an ghaoth aduaidh ar a dtugtar 'Bise' go háitiúil an ghaoth is minice. Is gaoth fhuar thirim í a thugann deis do na duilleoga a thriomú agus cuidíonn sí le scaipeadh galar fungasach a chosc. Mar sin féin, cruthaíonn sí dálaí teochta freisin a d'fhéadfaí a mheas a bheith mí-oiriúnach chun críoch aibithe. Mar gheall ar an ngaoth, roghnaítear suíomhanna atá réasúnta foscúil agus grianmhar. Tá gaoth aneas nach séideann chomh minic céanna agus nach bhfuil chomh te agus taise céanna, a thugann cúnamh don aibiú ach a thugann báisteach isteach go minic.

Go stairiúil, bhí dlúthbhaint ag forbairt fíniúnacha agus thrádáil an fhíona le bruach clé na Róine. Tharla sé sin i bpáirt mar gheall ar an gcuid thoir den limistéar geografach ar le cathair Vienne é, ar a dtugtar 'la Vineuse' (an ceann fíona), arbh é príomhchathair Allobrogicum (fíon sean-Rómhánach cáiliúil). Tharla sé freisin i bpáirt mar gheall ar na dlúthnaisc idir bardais fíonsaothrúcháin Tournon agus Tain-l'Hermitage, a thugann aghaidh ar a chéile thar stráice cúng d'abhainn na Róine. Tá cnoc Tain-L'Hermitage féin suite ar fhostratam geolaíoch atá comhdhéanta de bhlúire masaífe eibhir atá scoite ó shliabh Tournon ag an Róin. Ar deireadh, is trí cinn chomhionanna iad na cineálacha fíniúna is mó a bhfuil tóir orthu sa limistéar sin, ar an dá thaobh den Róin: Syrah N, Marsanne B agus Roussanne B.

D'ainneoin chora crua na staire, a ghearr an nasc idir dhá bhruach na habhann uaireanta, bhí muintir an limistéir in ann a gcuid eolais a úsáid go maith. Le diongbháilteacht, bhí siad in ann cáilíocht shonrach a chruthú a léirigh clú agus cáil a bhfíonta, ar a dtugtar 'vins de Tournon' agus 'vins de Mauves' araon. A bhuí leis an taithí sin, bhíothas in ann na fíonghoirt a leathnú chuig bardais eile ó thuaidh de chuid Tournon, agus a bhféiniúlacht a choinneáil an tráth céanna.

Tá tionchair na Meánmhara le brath ar na fánaí ag a bhfuil an nochtadh is fearr sa limistéar. Maolaíonn siad na tionchair chrua agus soinneáin úra ghaoithe ón tuaisceart. Leis na hithreacha gainmheacha agus an scileach a fhoirmíonn léibhinn ar na fánaí géara sin, soláthraítear draenáil agus teas, a coinníodh agus a saothraíodh le saineolas an duine. D'fhan an measán de chineálacha fíniúna díreach mar an gcéanna le himeacht ama. In éineacht leis an dá thoisc sin, cruthaítear le tionchair na Meánmhara na dálaí le haghaidh buaint den scoth, agus mar gheall ar thaithí chomhroinnte an duine caomhnaítear iad. An traidisiún mar atá fíonchaora a bhuain de láimh, traidisiún a choinníonn saothróirí fíniúna 'Saint-Joseph' ar bun fós sa lá atá inniu ann, cuidíonn sé le cineál agus saintréithe uathúla na bhfíonghort sin ar thaobh na gcnoc a chaomhnú.

Déantar na fíonta dearga as fíonchaora a bhaineann tairbhe as dálaí maithe aibithe agus a bhuaintear le bainistíocht chúramach uisce. Tugtar faoi deara iad mar gheall ar a solúbthacht agus a ngalántacht, agus na comhpháirteanna aramatacha casta atá iontu.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh sna fíonta geala ach cuid bheag den táirgeadh, ach mar sin féin léiríonn siad eolas agus tionchar uile na bhfánaí sin. Fástar iad go príomha ar ithreacha cailcreacha, ar dháileachtaí a bhfuil nochtadh idéalach acu. Ón áit sin, faigheann siad a gcothromaíocht ar leith ina bhfuil saintréithe olacha suntasacha ag a mbeogacht atá mar bhonn taca le measán de dhea-bholaithe bláthacha agus mealacha.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

a) Fíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, féadfaidh siad ainm aonaid gheografaigh níos lú a thaispeáint ar a lipéid, ar choinníoll:

— gur suíomh cláraithe é;

— go mbíonn an t-ainm le feiceáil ar an dearbhú buainte.

b) - Fíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, féadfaidh siad an t-aonad geografach níos leithne 'Cru des Côtes du Rhône' nó 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a léiriú ar a lipéid. Leagtar amach na rialacha lena rialaítear úsáid an aonaid gheografaigh níos leithne 'Vignobles de la Vallée du Rhône' sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí caomhnaithe agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile, ní mór í a phriontáil i gcarachtair a bhfuil an dearadh grafach céanna agus an dath céanna orthu agus atá ar an ainmniúchán, agus ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is éard atá sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú le haghaidh dhéanamh agus fhorbairt na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas:

— Roinn Ardèche: Alboussière, Arlebosc, Boffres, Bogy, Champis, Charmes-sur-Rhône, Cheminas, Colombier-le-Cardinal, Cornas, Eclassan, Etables, Gilhac-et-Bruzac, Peaugres, Plats, Quintenas, Saint-Barthélemy-le-Plain, Saint-Cyr, Saint-Georges-les-Bains, Saint-Romain-d'Ay, Saint-Romain-de-Lerps, Saint-Péray, Soyons, Thorrenc, Toulaud, Vernosc-lès-Annonay agus Vinzieux;

— Roinn Drôme: Albon, Andancette, Beaumont-Monteux, Beausemblant, Bourg-les-Valence, Chanos-Curson, Chantemerle-les-Blés, Châteauneuf-sur-Isère, Chavannes, Clérieux, Crozes-Hermitage, Erôme, Gervans, Granges-les-Beaumont, Larnage, Laveyron, Mercurol, La Motte-de-Galaure, Ponsas, Pont-de-l'Isère, La Roche-de-Glun, Saint-Barthélemy-de-Vals, Saint-Donat-sur-l'Herbasse, Saint-Rambert-d'Albon, Saint-Uze, Saint-Vallier, Serves-sur-Rhône, Tain-l'Hermitage, Triors, Valence agus Veaunes;

— Roinn Isère: Chonas-l'Amballan, Le Péage-de-Roussillon, Reventin-Vaugris, Les Roches-de-Condrieu, Sablons, Saint-Alban-du-Rhône, Saint-Clair-du-Rhône, Saint-Maurice-l'Exil, Salaise-sur-Sanne, Seyssuel agus Vienne;

— Roinn Loire: Bessey, La Chapelle-Villars, Chuyer, Lupé, Maclas, Pélussin, Roisey, Saint Michel sur Rhône, Saint-Romain-en-Jarez agus Vérin;

— Roinn Rhône: Ampuis, Condrieu, Les Haies, Loire-sur-Rhône, Longes, Sainte-Colombe, Saint-Cyr-sur-le-Rhône, Saint-Romain-en-Gal agus Tupin-et-Semons.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-20ed76a6-b4c3-43a1-8cfd-e8b40379c325